CORE
Provided by Arrow@dit
Metadata, citation and similar papers at core.ac.uk

Technological University Dublin
ARROW@TU Dublin

Books/Book chapters
Social Sciences

2013

# Litriocht na nOg sna Naionrai: Na Luathbhlianta

Maire Mhic Mhathuna
*Technological University Dublin*, maire.mhicmhathuna@tudublin.ie

Mairead Mac Con Iomaire
*Comhar Naionrai na Gaeltachta*, mairead@cnng.ie

Follow this and additional works at: https://arrow.tudublin.ie/aaschsslbk

Part of the Bilingual, Multilingual, and Multicultural Education Commons, and the Early Childhood Education Commons

## Recommended Citation

Mhic Mhathuna, M., Mac Con Iomaire, M. (2013) Litriocht na nOg sna Naionrai: Na Luathbhlianta. Chapter from *Laethanta Gréine & Oícheanta Sí. Aistí ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg.*. LeabhairCOMHAR, 2013.

This Book Chapter is brought to you for free and open access by the Social Sciences at ARROW@TU Dublin. It has been accepted for inclusion in Books/Book chapters by an authorized administrator of ARROW@TU Dublin. For more information, please contact yvonne.desmond@tudublin.ie, arrow.admin@tudublin.ie, brian.widdis@tudublin.ie.

This work is licensed under a Creative Commons Attribution-Noncommercial-Share Alike 3.0 License

VII

# LITRÍOCHT NA nÓG SNA NAÍONRAÍ: NA LUATHBHLIANTA

*Máire Mhic Mhathúna agus Mairéad Mac Con Iomaire*

## Réamhrá

Déanfar cur síos san aiste seo ar bhunú agus ar fhorbairt samhail nua luathoideachais, mar atá na naíonraí, a chuireann oideachas luathóige ar fáil do pháistí óga trí Ghaeilge. Rianófar na cúiseanna a bhain le bunú na naíonraí, cúlra agus ról na gceannródaithe a bhí páirteach sa ghluaiseacht le linn na 1970í agus 1980í, an saghas litríochta do pháistí a bhí ar fáil ag an am agus na moltaí a bhí á gcur chun cinn faoi conas an litríocht sin a úsáid sna naíonraí.

## Bunú na Naíonraí

Bunaíodh na chéad naíonraí ag deireadh na 1960í. Bhí naíonraí i Sionna, Co. an Chláir, i mBaile Átha Luain, i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath, mar shampla. Daoine a raibh spéis acu sa Ghaeilge agus i bhforbairt iomlán leanaí óga a bhunaigh iad. Ceapadh ag an am go raibh ísliú ag teacht ar chaighdeán na Gaeilge sna scoileanna de bharr athruithe áirithe sa chóras oideachais, ar a raibh dúnadh na gcoláistí ullmhúcháin i 1961 agus laghdú ar líon an scoileanna a bhí ag teagasc trí Ghaeilge (Ó hUiginn 1980: 53).

Bhí eolas ag teacht faoi ghluaiseacht nua sa Bhreatain Bheag a bhí bunaithe ar ghrúpaí súgartha trí Bhreatnais (*cylchoedd meithrin*). Bunaíodh na grúpaí súgartha seo i lár na 1960í chun deis a thabhairt do pháistí óga Breatnais a shealbhú agus cur lena gcumas teanga. Faoin mbliain 1970 bhí 60 *cylchoedd meithrin* ag feidhmiú (Baker agus Prys Jones 1998: 490). Bhí an-spéis ag ceannairí Chonradh na Gaeilge agus Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge sa ghluaiseacht seo agus tugadh cuireadh do cheannairí i ngluaiseacht na Breatnaise teacht go dtí Baile Átha Cliath chun cainteanna a thabhairt. Thug Comhdháil Cheilteach na nÓg cuireadh don Dr. Trefor Morgan in 1966 agus dhein sé cur síos ar thábhacht na naíonraí sa Bhreatain Bheag, ní hamháin mar dheis chun forbairt na bpáistí a chur chun cinn

ach mar bhealach nua chun staid na teanga a fheabhsú. Chuaigh caint an Dr. Morgan i bhfeidhm go mór ar na daoine a bhí i láthair agus shíl siad go raibh an ceart aige nuair a dúirt sé gur 'dearcáin' iad na naíonraí as a bhfásfadh daracha móra. Ba bhaill de Chonradh na Gaeilge iad formhór na mball de Chomhdháil Cheilteach an nÓg in Éirinn. Bhí siad láidir i gcuid de na craobhacha i mBaile Átha Cliath agus ar Choiste Chathair Átha Cliath de Chonradh na Gaeilge agus bhí roinnt acu ar Choiste Gnó an Chonartha. Ba iad an dream sin a chuir an smaoineamh chun cinn i gConradh na Gaeilge go háirithe nuair a cuireadh de dhualgas ar an seisear timirí lánaimseartha naíonraí a bhunú ar fud na tíre (Nóta pearsanta ó Pheig Uí Chaollaí, Eanáir 2013).

Thug an tOllamh Jac L. Williams léacht an-spreagúil ar an ábhar sa bhliain 1967. Foilsíodh an léacht mar phaimfléad, *Bilingualism Today* (1967), agus déantar trácht ann ar conas ab fhéidir le páistí tosú ar shealbhú na Breatnaise mar dhara teanga i naíonraí Breatnaise. Thaistil an Coirnéal Eoghan Ó Neill, Stiúrthóir Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, ar fud na hÉireann ag labhairt ar thábhacht an smaoinimh nua seo, agus spreag Conradh na Gaeilge a chuid craobhacha chun tús áite a thabhairt ina gclár oibre do bhunú naíonraí. Bunaíodh Na Naíscoileanna Gaelacha, eagras deonach faoi scáth Chonradh na Gaeilge, sa bhliain 1974 chun cabhrú leis na daoine a bhí i mbun naíonraí ag an am (An Comhchoiste Réamhscolaíochta 1979: 6). Lean an teagmháil leis an mBreatain Bheag agus thug Dan L. James léacht do lucht na naíonraí ar mhodhanna sealbhaithe teanga i naíonraí dara teanga i 1976. Athraíodh ainm 'Na Naíscoileanna Gaelacha' go 'Na Naíonraí Gaelacha' i 1979 chun breis béime a chur ar shealbhú nádúrtha teanga seachas teagasc foirmiúil (An Comhchoiste Réamhscolaíochta 1979: 12).

Bhí an ghluaiseacht bunaithe ar phrionsabail láidre teangeolaíocha ón tús, an tumoideachas agus an luath-thumoideachas ach go háirithe. Bhí sí bunaithe ar eolas faoi shealbhú na máthairtheanga i gcás leanaí óga, ar shíceolaíocht agus ar thréithe foghlama an linbh agus ar thuiscintí nua maidir le deiseanna foghlamtha an dara teanga (Ó Murchú 1980: 19). De réir taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an ábhar seo ó na 1970í i leith (Baker 2011: 266), bíonn dea-thoradh ar thumadh sa sprioctheanga má bhíonn tumadh iomlán tuisceanach ann, dea-thoradh maidir leis an teanga agus leis an bhfoghlaim ghinearálta araon.

Bhí gluaiseacht na naíonraí bunaithe ar bhunphrionsabal oideachais na luath-óige chomh maith, is é sin foghlaim trí shúgradh (An Comhchoiste Réamhscolaíochta 1979: 14-19). De réir taighde ar an luathoideachas, foghlaimíonn páistí óga trí ghníomhaíocht, trí rudaí a roghnú agus a dhéanamh iad féin (Hayes 2010: 181). Bíonn an-fhorbairt ag teacht ar theanga dhúchais na bpáistí le linn thréimhse na luath-óige agus má bhíonn an seans ann, foghlaimeoidh siad an dara nó an tríú teanga chomh maith. Trí shealbhú agus shaibhriú na Gaeilge a cheangal le grúpaí súgartha, cuireadh (agus cuirtear) deis an-mhaith ar fáil do leanaí an Ghaeilge a shealbhú, fad is atá a bhforbairt uilíoch á cur chun cinn ag an am céanna.

Is fiú cuimhneamh go raibh borradh ag teacht ar ghluaiseacht na ngrúpaí súgartha trí Bhéarla in Éirinn ó thús na 1970í chomh maith (Douglas 1994: 26), agus bunaíodh eagras do na grúpaí súgartha sin sa bhliain 1969, an 'Irish Preschool Playgroup Association' (IPPA). Tá an t-eagras sin mar chuid den eagraíocht 'Early Childhood Ireland' anois.

Chonacthas do choiste stiúrtha Na Naíonraí Gaelacha go raibh gá le bonn eagrúcháin níos forbartha agus níos buaine a chur faoi na naíonraí thar mar a d'fhéadfadh eagras deonach a dhéanamh. Níor leor an deontas riaracháin a chuir Conradh na Gaeilge ar fáil don eagras ná an tacaíocht a bhí ar fáil ó Údarás na Gaeltachta do stiúrthóirí naíonraí sa Ghaeltacht. Ullmhaíodh plean forbartha a leag síos na bunriachtanais chun dul chun cinn a dhéanamh. Orthu sin bhí ceapachán oifigeach forbartha, plean foilsitheoireachta chun lámhleabhar agus leabhar rann a chur ar fáil agus moltaí faoi chúrsaí oiliúna. Chuathas chun cainte le Bord na Gaeilge (Foras na Gaeilge anois) agus bunaíodh comhchoiste idir Na Naíonraí Gaelacha agus Bord na Gaeilge i 1978 (Uí Chonghaile 2012: 155). Tugadh An Comhchoiste Réamhscolaíochta ar an eagras nua. Tháinig Forbairt Naíonraí Teo. agus Comhar Naíonraí na Gaeltachta i gcomharbacht ar an gComhchoiste sa bhliain 2004. Tá naíonraí na Gaeltachta faoi chúram Chomhar Naíonraí na Gaeltachta, le maoiniú ó Údarás na Gaeltachta agus tá na naíonraí taobh amuigh den Ghaeltacht faoi chúram Fhorbairt Naíonraí Teo., le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge.

## Modheolaíocht an Taighde

Chuathas i dteagmháil le daoine aitheanta a bhí páirteach i ngluaiseacht na naíonraí ón tús chun teacht ar na tuiscintí a bhí acu faoin tábhacht a bhain le litríocht do pháistí agus chun iniúchadh a dhéanamh ar an saghas litríochta a bhí ar fáil do pháistí ag an am sin. Cuireadh grúpa fócais ar bun, cuireadh agallamh fóin ar dhaoine eile agus tháinig freagraí scríofa ó rannpháirtithe eile. Is iad na daoine a ghlac páirt sa taighde (in ord aibítre) ná Máire Feirtéar, Maireád Mac Seanlaoich, Máire Mhic Niallais, Treasa Ní Ailpín, Bríd Ní Choincheanainn, Aingeal Ó Buachalla, Helen Ó Ciosáin, Helen Ó Murchú, Peig Uí Chaollaí agus Neilí Uí Neachtain. Bhí údair na haiste seo páirteach sa ghluaiseacht ó dheireadh na 1970í. Tugadh cuireadh do dhaoine eile chomh maith ach ní raibh siad in ann páirt a ghlacadh sa taighde. Ní mór cuimhneamh go raibh daoine eile gníomhach mar stiúrthóirí agus mar lucht tacaíochta chomh maith. Táthar fíorbhuíoch de gach aon duine a chabhraigh leis an taighde seo.

## Torthaí an Taighde

*Spéis sna Naíonraí*

Cuireadh ceist ar na ceannródaithe faoi conas a chuir siad spéis sna naíonraí an chéad lá riamh. Bhí éagsúlacht mhór idir na cúiseanna a bhí acu, ach bhí gnéithe áirithe a bhí comónta eatarthu chomh maith. Bhí cuid acu ag tógáil a gcuid páistí le Gaeilge agus bhí spéis mhór acu i gcur chun cinn na Gaeilge. Bhí suim acu chomh maith i gcúrsaí oideachais mar mhúinteoirí agus mar thuismitheoirí agus tháinig an dá ghné sin le chéile mar spéis sa luathoideachas agus i sealbhú teanga. Tráthúil go leor, bhí taithí eagraíochta ag na ceannródaithe go léir, mar bhaill de Chonradh na Gaeilge, mar bhaill de Na Teaghlaigh Ghaelacha, grúpa tacaíochta do thuismitheoirí a bhí ag tógáil clainne le Gaeilge a bhí ann sna 1960í agus 1970í (Ó Broin 2012: 5) agus mar bhaill de choistí áitiúla eile, agus iad gníomhach mar thuismitheoirí agus mar mhúinteoirí sna scoileanna a raibh baint acu leo. Thuig siad ar fad go raibh gá le seirbhís luathoideachais a chur ar fáil do pháistí óga agus go raibh sé tábhachtach go mbeadh ionad ag páistí óga chun casadh le chéile taobh amuigh den teaghlach ar feadh achair ghairid, idir dhá uair an chloig agus dhá uair go leith sa lá.

D’fhreastail cuid de na ceannródaithe ar na léachtaí a thug Jac. L. Williams agus Dan. L James mar gheall ar naíonraí na Breataine Bige agus chuir siad an-spéis sa chur chuige a bhí i bhfeidhm sna naíonraí Breatnaise. Bhí siad ag cur spéise chomh maith i bhforbairt na ngrúpaí súgartha in Éirinn agus d’fhreastail roinnt acu ar chúrsaí an IPPA agus ar chúrsaí Montessori in Éirinn.

Maidir leis an gcúlra teanga a bhí ag na páistí a bhí ag freastal ar naíonraí, bhí sé an-éagsúil ó cheantar go ceantar. Bhí Gaeilge ag tromlach na bpáistí sna mór-Ghaeltachtaí, nó mura raibh, bhí an teanga cloiste acu ina dtimpeall. Bhí roinnt ceantar Gaeltachta ina raibh an Béarla in uachtar, agus Béarla ar fad a bhí ag na páistí sna breac-Ghaeltachtaí. D’fhág sin go bhféadfaí díriú ar shaibhriú na teanga sna príomh-Ghaeltachtaí agus díriú ar shealbhú teanga sna breac-Ghaeltachtaí. Páistí le cúlra teanga sa Bhéarla a bhí i bhformhór na bpáistí i naíonraí taobh amuigh den Ghaeltacht ach bhí spéis ag a dtuismitheoirí sa Ghaeilge agus fonn orthu go mbeadh seans ag a bpáistí an teanga a shealbhú go hóg (Hickey 1997: 25).

*Ról na gCeannródaithe*

Bhí na ceannródaithe páirteach sna naíonraí mar stiúrthóirí, mar chomhairleoirí ag an gComhchoiste Réamhscolaíochta, mar údair agus bhí duine amháin, Treasa Ní Ailpín, páirteach mar scríbhneoir cruthaitheach agus mar aistritheoir anuas ar na róil eile a bhí aici. Ba bhaill coistí iad go léir, idir choiste Na Naíonraí Gaelacha agus An Comhchoiste Réamhscolaíochta. Bhí an-chabhair ar fáil ó Mhaolsheachlainn Ó Caollaí, Uachtarán Chonradh na Gaeilge agus ó Sheán Mac Mathúna, Ard-Rúnaí an Chonartha, sna 1970í. Thug Liam Ó Dochartaigh, Riarthóir Oideachais Bhord na Gaeilge, cúnamh mór don ghluaiseacht chomh maith. Chuidigh príomheagarthóir An Gúm, Caoimhín Ó Marcaigh, go mór leis an obair foilseacháin. Ina theannta sin, bhí breis tacaíochta ar fáil ag na ceannródaithe mar bhí saineolaithe ar an nGaeilge sásta a gcuid eolais a roinnt leo go neamhfhoirmiúil.

Thosaigh an Comhchoiste ag cur bonn maith faoin eagraíocht nua. D’eagraigh siad scéim árachais do na naíonraí, chuir siad scéim tacaíochta ar bun dóibh trí chomhairleoirí a fhostú agus d’eagraigh siad cúrsaí oiliúna do na stiúrthóirí. Ar

na cúrsaí sin bhí cúrsa seachtaine, 'An Dianchúrsa', nó sraith léachtaí do stiúrthóirí, agus cúrsa 20 uair an chloig d'ábhair oidí sna coláistí oideachais. Bhí sé mar aidhm ag na cúrsaí agus ag na léachtaí seo eolas a roinnt faoi chur chuige na naíonraí i leith na Gaeilge agus oideachas na luath-óige. Foilsíodh an chéad eagrán de *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonraí* sa bhliain 1979 agus an dara heagrán sa bhliain 1985, agus tionscnaíodh físeán oiliúna. Is trí Ghaeilge a cuireadh iad seo go léir ar fáil. Chuir Deirdre Ní Ghrádaigh eagrán nuachóirithe den *Lámhleabhar* amach sa bhliain 2005. Mhol Mairéad Mhic Fhíobhaí, léachtóir le hOideachas na Luath-Óige i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, an cur chuige oideachasúil a léiríodh sa *Lámhleabhar* i léirmheas a scríobh sí ar an gcéad eagrán i 1980 (Mhic Fhíobhaí 1980: 113-17). Mheas sí gurbh fhiú cur leis an mbéim ar fhoghlaim trí shúgradh agus ar aidhmeanna na réamhléitheoireachta, nó an luathlitearthacht mar a thugtar anois air. Tá breis béime in eagrán 2005 den *Lámhleabhar* ar an scéalaíocht agus ar na buntáistí a bhaineann léi.

Tionscnaíodh scéim taighde, a foilsíodh ar ball mar *Staidéar Treorach ar na Naíonraí in Éirinn* (1982) le Síle Ní Aodhagáin, ar conas mar a bhí ag éirí leis na páistí maidir le sealbhú na Gaeilge agus maidir lena bhforbairt ghinearálta. Léirigh an taighde seo an tábhacht a bhain le hoiliúint a bheith ar na stiúrthóirí (Ní Aodhagáin 1982: 39). Bhí caighdeán níos airde Gaeilge ag páistí a bhí ag freastal ar naíonra ina raibh stiúrthóirí a dhein an Dianchúrsa ná acusan nár dhein an cúrsa: bhí níos mó freagraí cruinne acu agus bhí níos mó freagraí labhartha agus caint spontáineach acu chomh maith. Chuir Helen Ó Murchú (1985: 103) an-tábhacht leis an oiliúint is mhol sí go gcuirfí cúrsa oiliúna bliana ar fáil chomh maith le cúrsaí inseirbhíse.

*Fealsúnacht agus cur chuige*

Bhí sé d'aidhm ag na naíonraí ó bunaíodh iad forbairt iomlán an pháiste a chur chun cinn agus é sin a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, bíodh an Ghaeilge mar theanga dhúchais nó mar dhara teanga ag an bpáiste (An Comhchoiste Réamhscolaíochta 1979: 13). Foghlaim trí shúgradh an cur chuige oideachasúil a bhí i gceist sna naíonraí, mar measadh go mbíonn an páiste ag síorfhoghlaim trí bheith ag súgradh ach ábhair oiriúnacha agus tacaíocht chuí a bheith ar fáil dó

(An Comhchoiste Réamhscolaíochta 1979: 15). Cé gur tháinig an bunsmaoineamh faoi na naíonraí ón mBreatain Bheag, chuir ceannródaithe na gluaiseachta in Éirinn cur chuige faoi leith rompu, cur chuige a bheadh níos cóngaraí do shealbhú nádúrtha teanga agus a bheadh faoi réir ag riachtanais chumarsáide an pháiste i gcomhthéacs an naíonra. Bhí smaointe eile ar chur chuige le fáil ón obair a bhí ar bun ag lucht luath-thumoideachas i measc teangacha neamhfhorleathana eile ar cuireadh eolas orthu sna luath 1980í (Ó Murchú 1985: 101).

Bhain toscaí éagsúla teanga le naíonraí a bhí lonnaithe sa Ghaeltacht agus leo sin a bhí lonnaithe taobh amuigh di. Bhí formhór na bpáistí lasmuigh den Ghaeltacht á dtógáil trí Bhéarla agus ag sealbhú na Gaeilge mar dhara teanga i suíomh uirbeach. Tumoideachas nó luath-thumoideachas a bhí i gceist do na páistí sin agus iad ag tosú ar an dara teanga a shealbhú i dtimpeallacht an naíonra (An Comhchoiste Réamhscolaíochta 1979: 39). Bhí taithí ag na ceannródaithe ar chlann a thógáil trí Ghaeilge agus ar oideachas trí Ghaeilge. Cé go raibh a gclann féin ina gcainteoirí dúchais, bhí formhór na bpáistí eile a raibh siad ag bualadh leo ag sealbhú na Gaeilge mar dhara teanga. Bhí an-tuiscint acu go léir ar shealbhú agus ar shaibhriú teanga ag páistí óga, agus bhí staidéar faoi leith déanta ag Helen Ó Murchú ar an ábhar seo go hacadúil. Bhí tuiscint acadúil ag Siobhán Ní Mhuirthile, léachtóir sa Luath-Oideachas ó Choláiste Mhuire gan Smál, Luimneach, ar shúgradh mar mhodh foghlamtha ag páistí óga agus de réir a chéile forbraíodh modheolaíocht ar shealbhú an dara teanga trí mheán an tsúgartha. 'Bhíomar ag tionscnamh cur chuige nua i suíomh nua is ag foghlaim de réir mar a bhíomar ag dul ar aghaidh', a dúirt duine de na ceannródaithe. Moladh do na stiúrthóirí gan cuimhneamh ar Ghaeilge a mhúineadh go foirmiúil ach féachaint chuige go bhfásfadh sí go nádúrtha as an gcumarsáid idir na páistí féin agus idir na páistí agus na daoine fásta ina dtimpeall (An Comhchoiste Réamhscolaíochta 1979: 41). 'Is fearr a éireoidh le hiarrachtaí an stiúrthóra má dhéanann sí dearmad gur dara teanga le 'múineadh' atá sa Ghaeilge, agus má dhíríonn sí ina ionad sin ar bheith ag machnamh ar conas a shealbhaíonn páiste a chéad teanga agus ar conas a dhéileálann na daoine ina thimpeall leis an bhfoghlaimeoir beag óg seo'. (An Comhchoiste Réamhscolaíochta 1979: 41). Cumarsáid sa spriocthteanga atá i gceist ach cumarsáid shimplithe maidir le stór focal, le comhréir agus le minicíocht na bhfocal (Mhic Mhathúna 1996: 114). Mar

chuid den chur chuige nádúrtha seo, moladh rainn nó amhráin a cheangal le gníomhaíochtaí an naíonra (An Comhchoiste Réamhscolaíochta 1979: 48). Tugadh samplaí de rainn agus d'amhráin nua-chumtha agus cinn thraidisiúnta sa *Lámhleabhar* céanna (An Comhchoiste Réamhscolaíochta 1979: 59-61).

Maidir leis an nGaeltacht, tháinig freagraí éagsúla ó na rannpháirtithe sa phíosa taighde seo maidir leis an gcur chuige teanga agus oideachais a bhí á mholadh acu do na naíonraí. Ba é an príomhphrionsabal ná go mbeadh Gaeilge ó dhúchas, nó ar a laghad ar bith Gaeilge mhaith, ag gach stiúrthóir naíonra a bheadh ag feidhmiú sna naíonraí Gaeltachta. Moladh freisin go mbeadh tumadh iomlán sa teanga ón gcéad lá a thosódh an páiste ar naíonra. Chonacthas chomh tábhachtach is a bhí sé go dtuigfeadh tuismitheoirí agus an pobal céard a bhí i gceist le luathoideachas agus an bhéim ar shealbhú teanga trí mheán an spraoi. Ag an am, ní raibh mórán tuisceana ag pobal na Gaeltachta go ginearálta ar céard a bhí i gceist le naíonra agus féachadh leis an scéal a mhíniú dóibh. Níorbh annamh tuismitheoirí ag ceapadh gur áit a bhí sa naíonra ina bhféadfaí na páistí a fháil réidh i gcomhair na scoile agus is minic a baineadh úsáid as an naíonra mar sheirbhís fosaíochta do pháistí. Is minic nár tuigeadh an tábhacht a bhí le páistí a bheith ag freastal ar naíonra gach lá, ní fhacthas an luathoideachas mar oideachas ann féin, agus dá bhrí sin, ghlactaí le páistí sa naíonra ag gach uile am den bhliain. Go rímhinic, ba iad na páistí féin a thuig tábhacht an luathoideachais mar nach mbídís sásta fanacht sa bhaile tar éis cúpla lá a bheith caite acu sa naíonra.

*Rainn agus Leabhair*

Tá saibhreas mór rann agus amhrán traidisiúnta sa Ghaeilge, mar a léirigh Nicholas Williams ina leabhar *Cniogaide Cnagaide* (Williams 1988), ach bhí gá le cinn nua chomh maith i suíomh nua uirbeach na naíonraí, cinn a d'oir do pháistí ag bhí ag tosú amach ar an teanga a fhoghlaim. Dúirt duine de na ceannródaithe le linn an taighde seo, 'Ní raibh a thuilleadh aistriúcháin ar Humpty Dumpty ag teastáil'. Bhí Treasa Ní Ailpín ag cumadh rann agus dánta dá clann féin sa mhúnla traidisiúnta, cinn a cuireadh i gcló sna leabhair *Sonas agus Só* (1977) agus *Timpeall an Tí* (1979) a d'fhoilsigh An Gúm. Chuir siad seo eiseamláir ar fáil den

bhealach a bhféadfaí tógáil ar an mbonn traidisiúnta ach é a chur in oiriúint don saol cathrach ó thaobh ábhair de. Measadh go raibh sé tábhachtach go mbeadh ábhar ar fáil do chainteoirí dúchais chomh maith agus chuir An Comhchoiste Réamhscolaíochta an leabhrán agus téip *Damhsa na gCoiníní* (1984) amach mar áis do chainteoirí óga líofa.

Bhí muintir na Breataine Bige ag cumadh rann chun dul leis na gníomhaíochtaí sna *cylchoedd meithrin* (naíonraí) acu féin agus ghlac lucht na naíonraí an cur chuige seo chucu féin le fonn. Moladh do na stiúrthóirí rainn agus amhráin oiriúnacha a úsáid le linn do na gníomhaíochtaí a bheith ar siúl (An Comhchoiste Réamhscolaíochta 1979: 31) le go dtuigfeadh na páistí brí na bhfocal a ghabh leis na himeachtaí gan aistriúchán agus go mbeadh deis acu iad a shealbhú. Chum Treasa Ni Ailpín rainn do na gníomhaíochtaí sa naíonra, mar shampla, imirt le huisce agus le gaineamh agus le bréagáin, agus chun cabhrú leis na stiúrthóirí cluichí beaga a imirt. Foilsíodh *Amhráin do Pháistí* (1980) agus *Maidin sa Naíonra* (1991; 2005) mar leabhair agus mar théipeanna araon, rud a bhí nua go maith ag an am. Tuigeadh ón tús go raibh an-tábhacht ag baint le rithim na teanga, le foghraíocht na Gaeilge agus le caighdeán an cheoil, tuairim atá ag teacht le tuiscintí ar an gceangal idir rainn agus an fhóineolaíocht. Mhol Seán Mac Liam, léachtóir le Ceol i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, *Amhráin do Pháistí* go hard ina léirmheas in *Teagasc na Gaeilge* a foilsíodh in 1981 agus dúirt sé gur léirigh an caiséad agus leabhrán gur thuig na cumadóirí ábaltacht páistí óga chomh maith leis an tslí ina bhfoghlaimíonn siad ceol (Mac Liam 1981: 144).

Mhol Tina Hickey (1997: 40) do na stiúrthóirí cabhair faoi leith a thabhairt do na páistí úsáid na bhfocal agus na bhfrásaí sna rainn a leathnú ón rann go dtí pé gníomhaíocht a bhí ar siúl. Foghlaimíonn páistí óga teanga i gcomhthéacs faoi leith (Hickey 1997: 78; Wray 2004: 109) agus mheas Hickey gur ghá cabhair a thabhairt do na páistí chun úsáid na teanga a leathnú ón mbun-chomhthéacs. Mar sin féin, cuireann na rainn foirmlí cainte (Ellis 1994; 2008: 85) ar fáil do na tosaitheoirí, cinn is féidir a úsáid i suíomh an naíonra go beacht. Foilsíodh sraith fríosanna baile bunaithe ar na rainn agus ar na hamhráin chun úsáid na Gaeilge a leathnú.

Bhí muintir na Gaeltachta in ann tarraingt ar an traidisiún béil chomh maith leis na rainn nua-chumtha agus d’fhoilsigh Mairéad Mac Con Iomaire bailiúcháin de

rainn thraidisiúnta a bhailigh sí óna hathair mar leabhar agus mar théip, *Scéilín, Scéilín* (1978) agus *Dreoilín, Dreoilín*, *Rí na nÉan* (1982). Tá siad athfhoilsithe mar dhlúthdhioscaí anois. Rainn agus amhráin a bhaineann leis an dúlra agus le saol na tuaithe atá iontu. Moladh do stiúrthóirí na rainn seo a rá gach lá leis na páistí, cé gur léirigh an taighde a dhein Tina Hickey (1997: 40; 1999: 47) nár deineadh iad a rá chomh minic sin.

*Leabhair do Leanaí Óga*

Bhí roinnt mhaith leabhar ar fáil as Gaeilge sna 1970í agus sna 1980í. Ba é an Gúm an príomhfhoilsitheoir sa réimse ag an am agus bhí méid áirithe leabhar scoile a bhí oiriúnach do pháistí óga á bhfoilsiú ag Brún agus Ó Nualláin chomh maith. Cheap na rannpháirtithe gur chabhair iad na leabhair seo do na páistí sa naíonra chun scileanna réamhléitheoireachta a fhoghlaim, chun foghlaim conas leabhair a ionramháil agus chun foghlaim conas pictiúir a 'léamh'. Ag an am céanna, bhí deacracht ag baint leo uaireanta mar ní bhíodh an t-ábhar agus leibhéal na teanga ag teacht le chéile, go háirithe d'fhoghlaimeoirí óga. Mheas duine de na ceannródaithe go raibh na pictiúir an-soiléir sna leabhair a bhí in úsáid ag an am agus go raibh siad ag dul leis an scéal, ach chreid sí go raibh i bhfad an iomarca ag tarlú i gcuid mhaith de phictiúrleabhair an lae inniu.

Luaigh na ceannródaithe roinnt leabhar a raibh tóir orthu sa naíonra:

- *An Bealach Rúnda* le Brian Ó Baoill, An Gúm, 1969, bunleabhar Gaeilge
- *An Tíogar a tháinig chun Tae* le Judith Kerr, Cló Mercier, 1969, aistrithe ón mBéarla
- An tsraith *Tomás agus Eithne* le Gunilla Wolde, An Gúm, 1969, aistrithe ón tSualainnis *via* Béarla
- An tsraith *Liam agus Brídín* le Marcel Marlier, An Gúm, 1975, aistrithe ón bhFraincis
- *Cá bhfuil Bran?* le Eric Hill, An Gúm, 1983, aistrithe ón mBéarla
- *Trup, trup, a Chapaillín*, ceirnín le hamhráin do pháistí, Cantairí Óga Bhaile Átha Cliath, eisithe ag Gael Linn, 1968, bunábhar Gaeilge
- An tsraith *Ruairí agus Úna* le Treasa Ní Ailpín, An Gúm, 1991, bunábhar Gaeilge

- An tsraith leabhar *Teidí, Micí Moncaí, Máire agus a Mála, Na Trí Bhéar* le Mairéad Ní Ghráda, Brún agus Ó Nualláin, gan dáta.

Bhí na ceannródaithe den tuairim nach raibh tuismitheoirí ná lucht oideachais róchriticiúil faoi leabhair do pháistí ag an am sin ach an oiread. Bhí na leabhair á léamh ar mhaithe le taithí leabhar as Gaeilge a chur ar fáil do pháistí agus ar mhaithe leis an nGaeilge a chur chun cinn. Cheangail Nic Congáil (2012: 14) soláthar na leabhar seo le gluaiseacht na naíonraí agus na Gaelscolaíochta, ag rá gur tháinig seánraí liteartha áirithe do pháistí faoi bhláth mar gheall ar na gluaiseachtaí ceannródaíocha sin. Luaigh Nic Congail na pictiúrleabhair *Tomás agus Eithne* agus *Bran* a aistríodh go Gaeilge ón mBéarla mar shamplaí. Is féidir na rainn agus na hamhráin a cumadh do na naíonraí a chur leis an liosta sin.

*Úsáid Leabhar sna Naíonraí*

Thuig na ceannródaithe go raibh tábhacht le leabhair a léamh do na páistí sna naíonraí agus le scéalta a chur ina láthair ar bhealaí éagsúla. Mhol *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonraí* (1979: 33) leabhair a léamh go minic do pháistí aonair agus do ghrúpaí. Moladh cur chuige beo bríomhar a úsáid trí dhíriú ar leibhéal tuisceana na bpáistí agus tríd an insint a bhunú ar na pictiúir. Moladh go láidir an teanga a shimpliú nuair ba ghá do na foghlaimeoirí óga. Measadh nár ghá go dtuigfeadh na páistí gach aon fhocal den scéal ach go dtuigfidís an comhthéacs ginearálta (An Comhchoiste Réamhscolaíochta 1979: 42). Moladh freisin mionráite nó abairtí gearra faoi leith a bheith le hathrá sna scéalta agus dúradh go bhféadfadh na stiúrthóirí iadsan a fhí isteach sa scéal (An Comhchoiste Réamhscolaíochta 1979: 49). Chreid na ceannródaithe gur chuir stiúrthóirí na naíonraí an t-ábhar in oiriúint do na páistí agus gur dhéileáil siad leis an éagsúlacht cúlra teanga a bhí ag na páistí a rinne freastal ar na seirbhísí. Dhein a bhformhór sáriarracht an scéal a insint trí Ghaeilge amháin. Chreid siad freisin go raibh na páistí breá sásta maidir le pé leabhar nó scéal a léadh nó a d’insíodh an stiúrthóir. ‘Fad agus go raibh gníomhaíochtaí á ndéanamh leo bhí na páistí sásta. Ba chuma cén teanga a bhí ag na páistí, d’éist siad i gcónaí le geáitsíocht,’ a dúirt duine de na ceannródaithe.

Moladh go mbeadh na leabhair ar taispeáint ar sheilf íseal sa naíonra agus ar fáil do na páistí le 'léamh' i rith an lae agus chun iad a thabhairt abhaile (An Comhchoiste Réamhscolaíochta 1979: 33). D'fhorbair Peig Uí Chaollaí ó Naíonra Naithí, Baile Átha Cliath, modh spreagúil scéalaíochta nuair a thosaigh sí ag obair sa naíonra i dtús na 1970í. D'úsáid sí pictiúir mhéadaithe bunaithe ar na cinn sna leabhair agus bhunaigh sí insint idirghníomhach orthu sin (Mhic Mhathúna 2010: 34). Bhí roinnt stiúrthóirí sásta triail a bhaint as an saghas seo cur chuige. Cheap cuid mhór acu go raibh dúshlán mór praiticiúil ag baint leis an bpróiseas (Hickey 1997: 41).

Bhí stiúrthóirí eile ag cur scéalta i láthair trí dhrámaí puipéad agus trí dhrámaíocht. Léiríodh an cur chuige seo le linn cainteanna ag an Dianchúrsa Oiliúna do stiúrthóirí nua sna 1980í. Bhí roinnt de na drámaí bunaithe ar shíscéalta, *Na Trí Bhéar* (Ní Ghráda, gan dáta), mar shampla, agus cinn eile bunaithe ar leabhair, mar *Bran Amuigh ag Siúl* (Hill 1983). Dheineadh na Stiúrthóirí sa Ghaeltacht a gcuid scéalta féin a chumadh chomh maith, ag brath ar an tráth den bhliain a bhí ann, mar an Nollaig, Samhain, an tEarrach, srl. Bhíodh na páistí sa Ghaeltacht ag aisteoireacht agus ag glacadh páirte i ndrámaí beaga bunaithe ar na hamhráin agus ar na rainn dhúchasacha a bhíodh foghlamtha acu. D'úsáidtí puipéid le scéalta a insint nó le heolas a thabhairt do na páistí sa naíonra. Bhíodh scéalta á n-insint ag gach tráth den seisiún sa naíonra, fiú amháin ag am lóin d'insíodh na páistí scéal a bhain le rud éigin a bhí acu féin ar nós scéal maidir leis an bpictiúr a bhíodh ar an mbosca nó ar an gcupán a bhíodh acu leis an lón. Dheineadh cuid mhaith de na naíonraí drámaí aimsir na Nollag freisin agus thagadh na tuismitheoirí chun iad a fheiceáil.

Cheap na ceannródaithe sa Ghaeltacht gur easpa ionad do naíonraí an t-easnamh ba mhó a bhain leis na naíonraí sna 1970í agus 1980í. Go minic bhí na seirbhísí á gcur ar fáil i hallaí móra fuara. Maidir le leabhair, bhí roinnt easnamh maidir le cinn a d'fheil don cheantar nó don timpeallacht ina raibh an naíonra lonnaithe ann, b'fhéidir cois farraige, nó amuigh faoin sliabh, ach an bealach ar thángthas timpeall air sin go minic ná pictiúir a fháil ó fhoinsí eile ar nós féilirí nó leabhair Bhéarla agus an scéal a insint do na páistí bunaithe ar na pictiúir. Bhí easnamh i dTír Chonaill toisc go raibh formhór na leabhar do pháistí ag an am sin i

gcanúint na Mumhan nó i gcanúint Chonnacht, bhí an-deacracht ag stiúrthóirí teacht ar aon leabhar a raibh canúint Chúige Uladh á húsáid inti.

**Naíonraí an Lae Inniu**

Tá an-fhorbairt tagtha ar scéal na naíonraí le blianta beaga anuas. Bhí 74 naíonra sa Ghaeltacht agus 184 naíonra lasmuigh den Ghaeltacht sa bhliain 2012. Fágann sin go bhfuil timpeall 6% den aoisghrúpa ag freastal ar naíonraí Gaelacha. Seisiún trí huaire an chloig, cúig lá sa tseachtain, atá ar siúl ag a bhformhór. Tá an-fhorbairt tagtha ar an réimse luathoideachais le 10 mbliana anuas chomh maith maidir le struchtúr na hearnála, na rialacháin a bhíonn i bhfeidhm agus cúrsaí caighdeán agus curaclam (Corbett 2012: 291-302):

***Struchtúir na hearnála:*** Bíonn Coistí Cúram Leanaí ag riar scéimeanna maoinithe, ag cur oiliúint ar fáil agus ag comhordú seirbhísí i gceantair faoi leith. Tá 33 choiste ann ach tá roinnt acu á gcónascadh faoi láthair.

***Rialacháin:*** Bíonn ar na naíonra obair faoi réir na rialachán ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le sláinte, soláthair agus luathoideachas. Déanann an Fheidhmeannacht cigireacht ar na naíonraí chomh maith.

***Cúrsaí caighdeán:*** Tá sraith de chaighdeáin leagtha síos ag *Síolta: An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige (*2006) maidir le bainistiú, feidhmiú agus cleachtas gairmiúil in seirbhísí luath-óige.

***Cúrsaí curaclaim:*** *Aistear, Creatchuraclam don Luath-Óige 2009*: prionsabail na foghlama ag páistí óga, treoirlínte do dhea-chleachtas, eolas faoi conas an creatchuraclam a chur i bhfeidhm agus torthaí an taighde ar a bunaíodh *Aistear*.

Tá a leagan féin de chlár ardchaighdeáin do Naíonraí ag Forbairt Naíonraí Teo, *Sárshaothar sa Naíonra*, a chuireann cúrsaí Gaeilge san áireamh chomh maith. D'fhoilsigh Mairéad Mac Con Iomaire *Loinnir, Clár Oibre do Naíonraí na Gaeltachta* sa bhliain 2006 agus moltar rainn, amhráin agus scéalta a chur i láthair na bpáistí go minic. Chuir Comhar Naíonraí na Gaeltachta leabhar le polasaithe agus nósanna imeachta amach sa bhliain 2011, *Polasaithe agus Nósanna Imeachta Chomhar Naíonraí na Gaeltachta*.

Baineann na rialacháin faoi Chosaint Leanaí, *Tús Áite do Leanaí/ Children First* 2011 agus *Ár nDualgas Cúraim/Our Duty to Care*, 2002 (Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige) leis na naíonraí chomh maith le gach suíomh luathoideachais eile. Tá sé suntasach go bhfuil na cáipéisí oifigiúla a bhaineann leis an réimse luathoideachais ar fáil as Gaeilge chomh maith le Béarla.

Forbairt shuntasach eile atá sa Bhliain Shaor Réamhscoile a tháinig i bhfeidhm sa bhliain 2010 mar, den chéad uair riamh, tá bliain shaor réamhscoile á cur ar fáil do gach páiste sa tír. Tugtar deontas do gach seirbhís réamhscoile a chomhlíonann coinníollacha na scéime.1 Ar na coinníollacha seo tá rannpháirtíocht i gcur i bhfeidhm clár chaighdeáin *Síolta* agus coinníollacha faoi cháilíochtaí na stiúrthóirí. Tá rátaí éagsúla deontais ar fáil do sheirbhísí ina bhfuil stiúrthóirí le cáilíochtaí aitheanta stáit, cáilíochtaí CDBO/FETAC Leibhéal 5 agus 6 agus céimeanna B.A. sa Luath-Oideachas.

Tá cúrsaí ag Leibhéal 5 agus 6 á gcur ar fáil ag Forbairt Naíonraí Teo. agus Comhar Naíonraí na Gaeltachta sa luathoideachas le fada an lá. Tá roinnt modúl sna cúrsaí seo ar shealbhú agus ar shaibhriú na Gaeilge agus moltar úsáid a bhaint as litríocht na n-óg chun na spriocanna sin a bhaint amach. Caithfidh caighdeán ard Gaeilge a bheith ag daoine atá ag iarraidh aitheantas mar stiúrthóirí naíonra a bhaint amach ó Fhorbairt Naíonraí Teo. agus ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta. Déanann roinnt stiúrthóirí cúrsaí sa Ghaeilge atá aitheanta ag córas an Teastas Eorpach sa Ghaeilge agus ag institiúidí tríú leibhéal éagsúla.

**Conclúid**

Feiniméan nua a bhí sna naíonraí ó thaobh teanga agus cur chuige de nuair a thosaigh siad ag deireadh na 1960í. Feiniméan nua a bhí iontu mar áis forbartha leanaí agus mar áis sealbhaithe agus saibhrithe Gaeilge. Ba ghá teacht ar bhealaí nua chun deiseanna forbartha agus teanga a chur ar fáil sa suíomh nua sin. Spreag sampla na Breataine Bige muintir na hÉireann chun tabhairt faoin ngnó nua seo agus dhein na ceannródaithe a gcion chun an cultúr dúchasach a sheachadadh agus a fhorbairt sa chomhthéacs nua seo.

Ba cheannródaithe iad na stiúrthóirí, na baill coiste agus na comhairleoirí a ghlac páirt san fhiontar ag an tús agus chuir siad bonn an-láidir faoi ghluaiseacht na naíonraí. Lorgaíodh moltaí ó na rannpháirtithe don todhchaí agus luaigh siad go bhfuil aois na teicneolaíochta ann anois agus gur féidir leas mór a bhaint as na háiseanna nua sin agus muid ag cur litríocht na n-óg chun cinn. Mheas siad gur fiú díriú isteach ar gach ceantar Gaeltachta agus scéalta, amhráin agus rainn a bhaineann lena gceantar féin a thabhairt do na páistí. Bhí moladh ann go bhféadfaí leabhair agus áiseanna eile a thabhairt ar iasacht do thuismitheoirí ón naíonra nó ó Ionaid Bhréagán Chomhar Naíonraí sa Ghaeltacht agus go bhféadfadh tuismitheoirí iad a léamh leis na páistí. Bhí siad an-sásta go raibh aird á tabhairt ar amhráin, rainn agus cluichí atá sa scéim phleanála teanga 'Borradh' - comhthionscadal idir Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Mhol siad go roinnfí an t-eolas seo le tuismitheoirí chomh maith sa chaoi agus go mbeadh ceangal láidir ann idir an naíonra agus an baile maidir le litríocht na n-óg. Is díol suntais é go raibh béim mhór ar rainn agus amhráin nuair a thosaigh na naíonraí ag deireadh na 1960í agus go bhfuil an roth tar éis casadh i dtreo na rann arís sa tionscnamh seo, ag cur béime arís ar an traidisiún béil i litríocht na n-óg, traidisiún atá sean agus óg ag an am céanna.

NÓTA

1. Le haghaidh eolais faoin mbliain shaor réamhscoile agus faoin deontas do gach seirbhís réamhscoile féach ar www.dcya.gov.ie/viewdoc.asp?fn=/documents/childcare/ECCE_programme_and_administrative_procedures_ga.htm

SAOTHAIR A CEADAÍODH

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. *Aistear*: *Creatchuraclam na Luath-Óige.* Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 2009.

An Comhchoiste Réamhscolaíochta. *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonraí.* Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonraí Teo., 1979.

An Comhchoiste Réamhscolaíochta. *Sárshaothair sa Naíonra.* Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonraí Teo., 2008. Ar fáil ag www.naionrai.ie/tacaiocht/diolachan/index.ga.

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. *Ár nDualgas Cúraim*. 2002. Ar fáil ag www.dcya.gov.ie/viewdoc.asp?fn=%2Fdocuments%2FChild%5FWelfare%5FProtection%2FChildrenFirstJuly%2Ehtm&StartDate=1+January+2012&UserLang=GA

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige: *Tús Áite do Leanaí*. 2011. Ar fáil ag www.dcya.gov.ie/viewdoc.asp?fn=%2Fdocuments%2FChild%5FWelfare%5FProtection%2FChildrenFirstJuly%2Ehtm&StartDate=1+January+2012&UserLang=GA

Baker, Colin. *Foundations of Bilingualism and Bilingual Education,* 5th ed. Bristol: Multilingual Matters, 2011.

Baker, Colin agus Sylvia Prys Jones. *Encyclopedia of Bilingualism and Bilingual Education*. Clevedon: Multilingual Matters, 1998.

Comhar Naíonraí na Gaeltachta, *Borradh 1: Mé Féin*. 2008. Ar fáil ag http://comharnaionrai.com/docs/Borradh1.pdf

Comhar Naíonraí na Gaeltacha, *Borradh 2: An Timpeallacht*. 2010. Ar fáil ag http://comharnaionrai.com/docs/Borradh2.pdf

Comhar Naíonraí na Gaeltachta. *Polasaithe agus Nósanna Imeachta Chomhar Naíonraí na Gaeltachta*. Gaillimh: Comhar Naíonraí na Gaeltachta, 2011. Ar fáil ag http://comharnaionrai.com/docs/PNI.pdf.

Corbett, Maria. 'The Early Childhood Education and Care Sector in Ireland'. *Early Childhood Education and Care. An Introduction for Students in Ireland.* Eag. Máire Mhic Mhathúna agus Mark Taylor. Dublin: Gill and Macmillan, 2012: 291-302

Douglas, Francis. *The History of the Irish Pre-School Playgroups Association*. Dublin: Irish Pre-School Playgroups Association, 1994.

Ellis, Rod. *The Study of Second Language Acquisition*. Oxford: Oxford University Press, 1994; 2008.

Hayes, Nóirín. *Early Childhood: An Introductory Course*. Dublin: Gill and Macmillan, 2010. An Ceathrú hEagrán.

Hickey, Tina. *An Luath-Thumadh in Éirinn: Na Naíonraí*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann, 1997.

Hickey, Tina le Helen Ó Cíosáin agus Anna Ní Ghallchóir. *Luath-oideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht*. Gaillimh: Údarás na Gaeltachta, 1999.

Mac Con Iomaire, Mairéad. *Loinnir, Clár Oibre do Naíonraí na Gaeltachta*. Gaillimh: Údarás na Gaeltachta, 2006.

Mac Liam, Seán. Léirmheas ar *Amhráin do Pháistí* le Treasa Ní Ailpín, Brian Ó Dubhghaill agus Íde Ó Háinle. *Teagasc na Gaeilge* 2 (1981): 144-45.

Mhic Fhíobhaí, Mairéad. Léirmheas ar *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonraí*. *Teagasc na Gaeilge* 1 (1980): 113-17.

Mhic Mhathúna, Máire. 'Is liomsa é leon'. 'Ról na bPáistí agus na Stiúrthóirí i Sealbhú na Gaeilge in Naíonraí'. *Oideas* 44 (1996): 113-25.

Mhic Mhathúna, Máire. 'Arís is Arís Eile: Scéalta mar áis teanga sa Naíonra'. *Oideas* 55 (2010): 31-42.

Ní Aodhagáin, Síle. *Staidéar Treorach ar an Naíonraí in Éirinn*. Baile Átha Cliath: An Comhchoiste Réamhscolaíochta Teo., 1982.

Nic Congáil, Ríona. 'Irish-Language Children's Literature: A Short History'. *The Oxford History of the Irish Book.* Eag. Alan Titley agus Éamonn Ó Ciardha. Oxford: Oxford University Press. Le foilsiú.

Nic Congáil. Ríona. 'Réamhrá'. *Codladh Céad Bliain: Cnuasach Aistí ar Litríocht na nÓg*. Eag. Ríona Nic Congáil. Baile Átha Cliath: *Leabhair*COMHAR, 2012, 11-21.

Ó Broin, Brian. *Thógamar le Gaeilge Iad*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2012.

Ó Murchú, Helen. 'Réamhscolaíocht trí Ghaeilge'. *Teagasc na Gaeilge* 1 (1980): 19-33.

Ó Murchú, Helen. 'Smaointe ar an Réamhscolaíocht'. *Teagasc na Gaeilge* 4 (1985): 87-105.

Ó hUiginn, Caoimhín. 'Comhthéacs na Timpeallachta'. *Teagasc na Gaeilge* 1 (1980): 51-57.

Uí Chonghaile, Máire. 'Na Naíonraí.' *Early Childhood Education and Care. An Introduction for Students in Ireland.* Eag. Máire Mhic Mhathúna agus Mark Taylor. Dublin: Gill and Macmillan, 2012: 154-60.

Uí Ghrádaigh, Deirdre. Eag. *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonraí.* An tríú heagrán. Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonraí Teo., 2005.

Williams, Jac. L. *Bilingualism Today.* Baile Átha Cliath: Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, 1967.

Wray, Alison. *Formulaic Language and the Lexicon*. Cambridge: Cambridge University Press, 2004.

SUÍOMHANNA IDIRLÍN

Suíomh idirlín Chomhar Naíonraí na Gaeltachta: http://comharnaionrai.com

Suíomh idirlín Fhorbairt Naíonraí Teo: www.naionrai.ie

LEABHAIR DO PHÁISTÍ

An Comhchoiste Réamhscolaíochta. *Amhráin do Pháistí*. Leabhrán agus téip. Baile Átha Cliath: An Comhchoiste Réamhscolaíochta, 1980.

An Comhchoiste Réamhscolaíochta. *Damhsa na gCoiníní*. Leabhrán agus téip. Baile Átha Cliath: An Comhchoiste Réamhscolaíochta, 1984.

An Comhchoiste Réamhscolaíochta. *Maidin sa Naíonra*. Leabhrán agus téip. Baile Átha Cliath: An Comhchoiste Réamhscolaíochta, 1991 agus 2005.

Cantairí Óga Bhaile Átha Cliath. *Trup, trup, a Chapaillín.* Baile Átha Cliath: Gael Linn, 1968.

Cussen, Cliodna. *Trupall, Trapall.* Baile Átha Cliath: An Gúm, 1972.

Forbairt Naíonraí Teo. *Maidin sa Naíonra*. Leabhrán agus téip. Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonra Teo., 2005.

Hill, Eric. *Cá bhfuil Bran?* Baile Átha Cliath: An Gúm, 1983.

Kerr, Judith. *An Tíogar a tháinig chun Tae.* Corcaigh: Cló Mercier, 1969.

Mac Con Iomaire, Mairéad. *Scéilín, Scéilín*. Gaillimh: Muintearas an Togra Oideachais agus Bord na Gaeilge, 1978.

Mac Con Iomaire, Mairéad. *Dreoilín, Dreoilín Rí na nÉan*. Gaillimh: Seirbhísí Naíonraí (Gaeltachta) Teo. agus Údarás na Gaeltachta, 1982.

Marlier, Marcel. *Liam agus Brídín sna sléibhte.* Baile Átha Cliath: An Gúm, 1975.

Ní Ailpín, Treasa. *Sonas is Só*. Baile Átha Cliath: An Gúm, 1977.

Ní Ailpín, Treasa. *Timpeall an Tí*. Baile Átha Cliath: An Gúm, 1979.

Ní Ailpín, Treasa. *Ruairí agus Úna*. Baile Átha Cliath: An Gúm. 1991.

Ní Ghráda, Mairéad. *Máire agus a Mála.* Baile Átha Cliath: Longman, Brún agus Ó Nualláin Tta., gan dáta.

Ní Ghráda, Mairéad. *Teidí.* Baile Átha Cliath: Longman, Brún agus Ó Nualláin Tta., gan dáta.

Ní Ghráda, Mairéad. *Micí Moncaí.* Baile Átha Cliath: Longman, Brún agus Ó Nualláin Tta., gan dáta.

Ní Ghráda, Mairéad. *Na Trí Bhéar.* Baile Átha Cliath: Longman, Brún agus Ó Nualláin Tta., gan dáta.

Ó Baoill, Brian. *An Bealach Rúnda*. Baile Átha Cliath: An Gúm, 1969.

Williams, Nicholas. *Cniogaide Cnagaide. Rainn traidisiúnta do pháistí*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1988.

Wolde, Gunilla. *Tomás agus a Chuid Éadaigh*. Baile Átha Cliath: An Gúm, 1969.